Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# TEICNEOLAÍOCHT

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2007
ARDLEIBHÉAL
200 Marc
Dé Céadaoin, 20 Meitheamh, Tráthnóna, 2:00 go 4:00

# ROINN A

## TREORACHA

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Freagair Roinn A (ceisteanna gearrfhreagraí). | 100 marc |
| 2. | Freagair **(a) nó (b)** i gcás **gach** ceiste i Roinn B. | 50 marc |
| 3. | Freagair ceist **amháin** as Roinn C. | 50 marc |
| 4. | Tabhair an páipéar seo don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe, i dteannta na leathán freagartha do Roinn B agus Roinn C. | |

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |


| Scrúduimhir |
|---|
| |

| **Don Scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| **Marc Iomlán** | | |
| **Ceist** | | **Marc** |
| **Roinn A** | | |
| **Roinn B** | **C1 (a)** | |
| | **(b)** | |
| | **C2 (a)** | |
| | **(b)** | |
| **Roinn C** | **C3** | |
| | **C4** | |
| | **C5** | |
| | **C6** | |
| | **Iomlán** | |
| | **Grád** | |


DÉAN DEIMHIN DE DO SCRÚDUIMHIR A SCRÍOBH SA BHOSCA ATÁ ANN DI AR AN LEATHANACH SEO.

**Roinn A** **Freagair 25 ceist as an roinn seo – tá na ceisteanna uile ar aon mharc.** **100 marc**

1. Críochnaigh cló peirspictíocht an rud a thaispeántar.



2. Cuir scáth ar an sorcóir chun foinse solais a léiriú ón treo a thaispeántar.



3. Luaigh **dhá** chúis a mbaintear úsáid as barrachód ar tháirgí tomhaltóra.

5 001234 567890

Cúis 1: ____________________

____________________

____________________

____________________

Cúis 2: ____________________


____________________

____________________


____________________

4. Taispeáin go soiléir ar an sceitse na trí thoislíne a leanas:

fad iomlán (F),
airde iomlán (A) agus
trastomhas (T) na hoscailte
a thaispeántar.



5. Luaigh cad is ciall le gach ceann de na siombailí a thaispeántar.



X



Y

X : ____________________

____________________

____________________

____________________

Y : ____________________


____________________

____________________

____________________

6. Is cóimhiotal de dhá mhiotal é sádar leictreach.

Ainmnigh an **dá** mhiotal.




Miotal 1: ____________________


Miotal 2: ____________________

7. Ainmnigh na sábha a thaispeántar

*agus*

ainmnigh ábhar atá oiriúnach le gearradh ag gach sábh.




X: ____________________

Ábhar: ____________________


Y: ____________________

Ábhar: ____________________

8. Ainmnigh an uirlis a thaispeántar

*agus*


abair cén fáth **nach bhfuil** sé oiriúnach chun leathán aicrileach a ghearradh.



Uirlis: ____________________

Cúis: ____________________

9. Ainmnigh **dhá** airí fabraice atá le fáil i mála droma nua-aimseartha.




Airí 1: ____________________

Airí 2: ____________________

10. Ainmnigh an cineál béalmhír druilire a thaispeántar

*agus*


abair cár cheart an bhéalmhír druilire seo a úsáid.




Béalmhír druilire: ____________________

Cá n-úsáidtear í? ____________________

11. Déan sceitse de na siombailí leictreonacha do na comhbhaill a thaispeántar.



LDR




Lasc PTM

Siombail LDR


Siombail Lasc PTM

12. Comhlánaigh an tábla fírinne don gheata loighice a thaispeántar.




| Ionchur 1 | Ionchur 2 | Aschur |
|---|---|---|
| 1 | 1 | |
| 1 | 0 | |
| 0 | 1 | |
| 0 | 0 | |


13. Bain úsáid as an tábla a thaispeántar chun friotaíocht an fhriotóra a oibriú amach.





| Dath | Luach |
|---|---|
| Dubh | 0 |
| Donn | 1 |
| Dearg | 2 |
| Oráiste | 3 |
| Buí | 4 |
| Glas | 5 |
| Gorm | 6 |
| Vialait | 7 |
| Liath | 8 |
| Bán | 9 |

Friotaíocht: ____________________

14. Taispeáin ar an sceitse conas is ceart an lasc dhérialaithe poil dhúbailte a shreangú chun ligean do mhótar casadh deiseal nó tuathal.




Lasc dhérialaithe poil dhúbailte




15. Taispeánann an sceitse LED.

Luaigh **dhá** bhealach ina bhféadfaí an chos dhiúltach a shainaithint.




1: ____________________

2: ____________________

16. Taispeánann an sceitse iompróir mála.


Ainmnigh na príomhfhórsaí a ghníomhaíonn ar na baill X agus Y a thaispeántar.




Fórsa ar X: ______________________

Fórsa ar Y: ______________________

17. Ainmnigh na meicníochtaí a thaispeántar.





X: ______________________

Y: ______________________

18. Taispeáin treo na gluaisne

*agus*


ríomh luas an ghiair Z sa ghiarshraith a thaispeántar.




Luas : ______________________

19. Ardaíonn an córas ulóige a thaispeántar ualach de 30N airde 0·5m.

Ríomh
(i) an fórsa iarrachta,
(ii) an fad a bogadh, X.




Fórsa iarrachta: ______________________


An fad X: ______________________

20. Marcáil go soiléir ar an bpritil seamanna a thaispeántar an áit a bhfuil:


an tUalach (U),

*agus*

an Buthal (B).



21. Ainmnigh **dhá** thiontú fuinnimh a tharlaíonn nuair a shoilsíonn an gineadóir a thaispeántar an LED.




(i):
go:

(ii):
go:

22. Luaigh an chiall a bhaineann leis na giorruithe seo a leanas:

(i) CD,


(ii) DVD.



CD:

DVD:

23. Luaigh **dhá** réamhchúram is gá a chomhlíonadh nuair a bhítear ag baint úsáide as druilire colúin.




(i):


(ii):

24. Taispeáin go soiléir ar an bhfráma (*fíor* 1) suíomh ceangail a chuirfidh stop le díchumadh an fhráma (*fíor* 2).

Mínigh conas a oibríonn an ceangal.




*fíor 1*



*fíor 2*

Fr:

25. Luaigh **dhá** bhealach inar chuidigh an teicneolaíocht le caomhnú fuinnimh sa teach.



(i):

(ii):


26. Luaigh **dhá** ghné shábháilteachta atá le fáil i gcarranna nua-aimseartha.



(i): ____________________

(ii): ____________________

27. Luaigh **dhá** chúis ar cheart soicéad slise a úsáid nuair a bhítear ag ceangal slise de chiorcad.




Soicéad slise

(i): ____________________

(ii): ____________________


28. Ainmnigh **dhá** fhoinse fuinnimh, seachas breoslaí iontaise, a d'fhéadfaí a úsáid in iompar poiblí.



(i): ____________________

(ii): ____________________


29. Ainmnigh **dhá** phróiseas inar féidir pacáistíocht phlaisteach a dhéanamh.



(i): ____________________

(ii): ____________________


30. Luaigh **dhá** bhuntáiste atá ag cláir mhonaraithe thar adhmad nádúrtha.




Buntáiste 1: ____________________

Buntáiste 2: ____________________


31. Críochnaigh taobhchló an chomhbhaill a thaispeántar.




Taobhchló



32. Críochnaigh forbairt na scaoibe a thaispeántar.



Scaob



Forbairt

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# TEICNEOLAÍOCHT

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2007
ARDLEIBHÉAL
200 Marc
Dé Céadaoin, 20 Meitheamh, Tráthnóna, 2:00 go dtí 4:00

# ROINN B agus ROINN C


ROINN B - 50 Marc

ROINN C - 50 Marc

## TREORACHA

1. Freagair **(a) nó (b)** i gcás **gach** ceiste i Roinn B.
2. Freagair ceist **amháin** as Roinn C.
3. Déan deimhin de **go dtabharfaidh tú Roinn A don Fheitheoir** i dteannta na leathán freagartha a bhaineann leis an bpáipéar seo.

**1 (a)** Taispeánann an sceitse dearadh a rinne mac léinn le haghaidh bugaí trá bréagáin.
Déanfar an bugaí as aicrileach buí (an barrdhromchla) agus aicrileach dearg (gach painéal eile).




*Tá na toisí uile ina milliméadair.*

(i) Bain úsáid as scála oiriúnach agus sceitseáil na clónna seo a leanas:

1. Ingearchló ag breathnú i dtreo na saighde ‘X’.

2. Bonnchló ag breathnú i dtreo na saighde ‘Y’.

Ná bíodh acastóir ná rothaí i do sceitse.
Bíodh na toislínte uile i do sceitse.

10 marc

(ii) 1. Déan cur síos ar na céimeanna is gá chun barrdhromchla aicrileach an bhugaí a dheilbhiú agus a chríochnú. Ainmnigh na huirlisí is gá.

2. Bain úsáid as sceitse oiriúnach agus taispeáin conas a d’fhéadfaí teacht go héasca ar chadhnra don mhótar agus é a athrú.


10 marc

(iii) Le linn tástála, éiríonn rothaí an bhugaí greamaithe (sáinnithe) i ngaineamh.
Sceitseáil mionathrú ar an dearadh a réiteoidh an fhadhb sin.

5 mharc

**- NÓ -**

**1 (b)** Taispeánann an sceitse dearadh a rinne mac léinn do choinneálaí aicrileach le haghaidh fón póca, ina bhfuil forbhall soicéid.
Tá an coinneálaí deartha mar thaca leis an bhfón póca le linn dó bheith á luchtú.




*Tá na toisí uile ina milliméadair.*

(i) Bain úsáid as scála oiriúnach agus sceitseáil forbairt an ábhair is gá chun an coinneálaí a dhéanamh.
Cuir na lúblínte uile in iúl go soiléir agus taispeáin na toisí iomlána.

10 marc

(ii) 1. Ainmnigh an trealamh a úsáidtear agus déan cur síos ar na céimeanna is gá chun an t-aicrileach a dheilbhiú.

2. Luaigh **dhá** chúis ar ábhar oiriúnach é aicrileach don choinneálaí seo.


10 marc

(iii) Sceitseáil mionathrú ar an dearadh chun an fón a chosc ar thitim amach as an aonad le linn dó bheith á luchtú.

5 mharc

**ROINN B – 50 Marc** **Ceist 2, freagair (a) nó (b) sa cheist seo.**

**2 (a)** Tá gá le ciorcad teocht-íogair chun dordánaí a fhuaimniú nuair a bhraitear teochtaí ísle.
Tá na comhbhaill a thaispeántar thíos ar fáil chun an ciorcad a thógáil.



Friotóir inathraithe | Dordánaí | Trasraitheoir | Friotóir | Teirmeastar | Cadhnra

(i) Sceitseáil an tsiombail leictreonach do gach comhbhall a thaispeántar.

10 marc

(ii) 1. Mínigh cé acu ceann de na trí theagmháil ar an bhfriotóir inathraithe is ceart a úsáid chun an roinnteoir poitéinsil don chiorcad seo a thógáil.

2. Sceitseáil an léaráid chiorcaid don chiorcad seo.


3. Má dhéantar comhbhaill an roinnteora poitéinsil a mhalartú, cén tionchar a imreoidh sé sin ar oibriú an chiorcaid?

4. Sceitseáil mionathrú ar an gciorcad chun lasc PTB a chur isteach ann a dhéanfaidh tástáil féachaint an bhfuil an ciorcad ag obair, gan teochtaí ísle a bhaint amach.

15 mharc

**- NÓ-**

**2 (b)** Tá sé ar intinn ag mac léinn meicníocht mótarthiomáinte a cheangal den ardaitheoir a thaispeántar. Tá na meicníochtaí a bhfuil na lipéid X agus Y orthu ar fáil chun an t-ardaitheoir a thiomáint.




(i) 1. Ainmnigh na meicníochtaí atá ceangailte den mhótar in X.

2. Luaigh **dhá** bhuntáiste atá ag meicníocht X thar mheicníocht Y chun an t-ardaitheoir a thiomáint.

10 marc

(ii) Casann an mótar ag 2700 RPM sa dá mheicníocht.

1. Ríomh an luas aschuir i meicníocht X.

2. Ríomh an luas aschuir i meicníocht Y.

10 marc

(iii) Ainmnigh agus luaigh feidhm na gné atá sainaitheanta ag Z ar an ardaitheoir.

5 mharc

**Roinn C – 50 Marc**

Freagair ceist **amháin** sa roinn seo – tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Baineann an roinn seo le **Teicneolaíocht & an tSochaí, le Córais Rialaithe agus le Dearadh & Déantúsaíocht.**



**3. Teicneolaíocht agus an tSochaí**

Tá ardteicneolaíochtaí leictreonacha i gcroílár na bhfeistí nua-aimseartha cumarsáide agus ceoil lámhchoinnithe.

Féadann cuid mhaith de na feistí sin:

(i) íomhánna digiteacha a ghlacadh,
(ii) comhaid mp3 a sheinm agus
(iii) comhaid a íoslódáil.

(a) (i) Tabhair míniú ar gach ceann de na trí fheidhm thuas.

(ii) Mínigh cén fáth a meastar cuid mhaith de na feistí sin a bheith 'indiúscartha'.

20 marc

I ngeall ar fhorbairt an ghréasáin dhomhanda agus na dteicneolaíochtaí a thacaíonn léi, tharla athruithe móra ar an tsochaí le blianta beaga anuas.

(b) Bain úsáid as **dhá** shampla oiriúnacha agus mínigh an tionchar a imríonn an gréasán domhanda ar an tsochaí.

10 marc


Tá rabhadh á thabhairt ag lucht réamhaisnéise aimsire faoi ghéarchéim fuinnimh sa domhan forbartha.

(c) (i) Bain úsáid as **dhá** shampla oiriúnacha agus mínigh an chúis leis an ngéarchéim fuinnimh seo.

(ii) Bain úsáid as **dhá** shampla oiriúnacha agus rianaigh conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun tionchar na géarchéime fuinnimh a laghdú.

20 marc

**4. Córais Rialaithe & Teicneolaíocht agus an tSochaí**



Tá riochtáin róbatacha ar fáil go coitianta mar bhréagáin atá rialaithe ag micreapróiseálaí.

(a) (i) Déan cur síos ar **dhá** fheidhm atá ar fáil sna bréagáin róbatacha sin.

(ii) Mínigh an ról a imríonn 'micreapróiseálaí' in oibriú na róbat sin.

(iii) Mínigh cén fáth a bhfuil gluaiseachtaí na róbat seo mall.

20 marc

Baintear úsáid as róbait thionsclaíocha go coitianta i línte táirgthe carranna.


(b) (i) Mínigh, agus **dhá** chúis á dtabhairt agat, cén fáth a roghnaítear róbait thionsclaíocha thar oibrithe ar línte táirgthe.

(ii) Mínigh, agus **dhá** chúis á dtabhairt agat, cén fáth nach móide go mbeidh róbait in áit gach oibrí sa tionscal táirgeachta.

(iii) Mínigh, agus **dhá** chúis á dtabhairt agat, cén fáth ar bhog cuid mhaith cuideachtaí monarchana déantúsaíochta ón domhan forbartha go dtí tíortha i mbéal forbartha.

30 marc

**5. Dearadh agus Déantúsaíocht**



Tá ar mhac léinn mionsamhail de charr mótarthiomáinte a dhéanamh bunaithe ar an dearadh a thaispeántar.

(a) (i) Le cabhair sceitsí oiriúnacha, déan cur síos ar na céimeanna is gá chun an chabhail a dhéanamh as leathán plaisteach trí fhoirmiú folúis.

(ii) Le cabhair sceitsí oiriúnacha, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an chabhail a cheangal de bhunphláta alúmanaim.
Ní mór bheith in ann an chabhail a cheangal go héasca den bhunphláta agus a bhaint de go héasca.


30 marc

(b) (i) Le cabhair sceitsí oiriúnacha, déan cur síos ar na céimeanna is gá chun an dearadh a thaispeántar a dhéanamh mótarthiomáinte.

(ii) Sceitseáil an léaráid chiorcaid is gá chun dhá cheannlampa bhána LED agus dhá chúlsolas dhearga LED a shoilsiú sa dearadh a thaispeántar.


20 marc

## 6. Córais Rialaithe



Taispeántar blocléaráid do chóras rialaithe aláraim gadaithe.

Fuaimneoidh an córas, atá rialaithe ag máistir-eochair, an t-aláram má osclaítear fuinneog nó doras. Déanann na lasca fuinneoige agus dorais staid loighice ‘0’ nuair a osclaítear iad.
Ní mór máistir-eochair a chur isteach chun an córas a chasadh as agus staid loighice ‘0’ a dhéanamh.




(a) (i) Mínigh cén fáth a bhfuil lasc giolcaí oiriúnach le húsáid sa doras agus san fhuinneog.


(ii) Sainaithin na geataí loighice is gá ag A, B, C agus D.

(iii) Sceitseáil agus comhlánaigh tábla fírinne do gheataí loighice A agus D.

(iv) Is gá laiste ag E. Mínigh feidhm laiste sa chóras.

30 marc

(b) Is é is geata loighice NAND ann ná teaglaim de gheata AND agus geata NOT ina dhiaidh. Tá na geataí loighice sin ar fáil ar shlis aonair atá comhchosúil leis an gceann a thaispeántar.




(i) Sceitseáil agus comhlánaigh tábla fírinne do gheata NAND.

(ii) Bain úsáid as tábla fírinne chun an geata loighice a dhéantar a shainaithint nuair a chuirtear dhá gheata NAND le chéile mar a thaispeántar.

20 marc

